V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11118 — MACQUARIE / PMV / KEVLINX)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 234/02)

1. An 23 Meitheamh 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Macquarie Asset Holdings Limited ('Macquarie', an Ríocht Aontaithe), atá faoi rialú deiridh Macquarie Group Limited (an Astráil),

— Participatiemaatschappij Vlaanderen NV ('PMV', an Bheilg), atá faoi lánúinéireacht Réigiún Fhlóndras, agus

— KevlinX Holding B.V. (an 'Comhfhiontar', an Ísiltír), atá á rialú go comhpháirteach faoi láthair ag PMV, Firmitudo (an Ísiltír) agus Cenobio (an Ísiltír).

Gheobhaidh Macquarie, i gcomhar le PMV, rialú comhpháirteach ar an gComhfhiontar de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is éard atá i Macquarie soláthraí domhanda seirbhísí i réimsí an bhainistithe sócmhainní, an airgeadais, na comhairle, an riosca agus na réiteach caipitil, agus is i margaí na bhfiachas, an chothromais agus na dtráchtearraí a sholáthraíonn sé na seirbhísí sin.

— Cuideachta infheistíochta is ea PMV atá faoi lánúinéireacht ag Réigiún Fhlóndras agus arb é an réimse is mó a bhfuil sí gníomhach ann cuideachtaí a mhaoiniú ó chéim a nuathionscanta go dtí céim an fháis, agus céim an idirnáisiúnaithe. Ina theannta sin, bíonn PMV i mbun tionscadail i bhFlóndras in éineacht le rialtas Fhlóndras agus ar a shon, i gcomhar le comhpháirtithe éagsúla.

— Beidh an Comhfhiontar gníomhach ar dtús i ndearadh, in innealtóireacht, i dtógáil agus in oibriú ionaid sonraí sa Bhruiséil, sa Bheilg.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11118 — MACQUARIE / PMV / KEVLINX

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.